Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12975/19**

**ENER 462**
**FIN 689**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12964/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "*Wind and solar power for electricity generation: significant action needed if EU targets to be met*" [Cumhacht na gaoithe agus na gréine chun leictreachas a ghiniúint: gá le gníomhaíocht shuntasach má tá spriocanna an Aontais le comhlíonadh]<br>- Conclúidí ón gComhairle (24 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *"Wind and solar power for electricity generation: significant action needed if EU targets to be met"*, [Cumhacht na gaoithe agus na gréine chun leictreachas a ghiniúint: gá le gníomhaíocht shuntasach má tá spriocanna an Aontais le comhlíonadh] arna nglacadh ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí ag an 3723ú cruinniú a bhí aici ar an 24 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *"Wind and solar power for electricity generation: significant action needed if EU targets to be met"* [Cumhacht na gaoithe agus na gréine chun leictreachas a ghiniúint: gá le gníomhaíocht shuntasach má tá spriocanna an Aontais le comhlíonadh]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. GABHANN SÍ BUÍOCHAS le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as a Tuarascáil Speisialta Uimh.08/2019 dar teideal *"Wind and solar power for electricity generation: significant action needed if EU targets to be met"* [Cumhacht na gaoithe agus na gréine chun leictreachas a ghiniúint: gá le gníomhaíocht shuntasach má tá spriocanna an Aontais le comhlíonadh],

2. AITHNÍONN SÍ go ndírítear sa Tuarascáil Speisialta sin ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite, go háirithe cumhacht na gaoithe agus na gréine chun leictreachas a tháirgeadh,

3. MEABHRAÍTEAR DI an pacáiste reachtach dar teideal 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', lena socraítear an creat chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 a chur chun feidhme maidir le laghduithe ar ghás ceaptha teasa, méaduithe ar fhuinneamh inathnuaite, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar idirnaisc leictreachais,

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE GO CUÍ na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta sin.